Na Trí Chleite

Seanscéal ón Ghearmáin

Leathanach bán

Na Trí Chleite

Seanscéal ón Ghearmáin

Bhí rí ann uair amháin, agus bhí triúr mac aige. An fear ba shine acu, bhí sé dathúil cliste. Agus bhí an dara fear acu dathúil cliste. Ach an fear ab óige acu, ní raibh sé dathúil ná cliste.

"Tá sé bómánta! Níl sé ábalta!" arsa an chéad phrionsa agus an dara prionsa. Prionsa Prácás a thug siad air.

Bhí an rí ag dul anonn in aois, agus lá amháin labhair sé lena chuid mac. "Fágfaidh mé mo ríocht," ar seisean, "ag an fhear a thabharfaidh an brat urláir is deise chugam."

Agus thóg an rí trí chleite in airde. Chaith sé an chéad chleite san aer, agus ar seisean leis an phrionsa ba shine, "Lean an cleite sin." Shéid an cleite soir agus d'imigh an chéad phrionsa soir ar lorg an bhrat urláir.

Chaith an rí an dara cleite san aer, agus ar seisean leis an dara prionsa, "Lean an cleite sin." Shéid an dara cleite siar, agus d'imigh an dara prionsa siar ar lorg an bhrat urláir.

Ansin, chaith an rí an tríú cleite san aer, agus ar seisean leis an fhear ab óige, "Lean an cleite sin." Ach thit an cleite ar an talamh.

"Ní thig liom mo chleite a leanúint," arsa Prionsa Prácás leis féin. "Agus anois ní bhfaighidh mé an brat urláir."
Ach mhothaigh Prionsa Prácás ansin gur in aice le comhla thógála a thit a chleite. D'oscail sé an chomhla go gasta. Bhí staighre ag dul síos faoin chomhla, agus ag bun an staighre bhí doras glas. Rith Prionsa Prácás síos na céimeanna agus bhuail sé ag an doras.
Chuala sé an glór istigh ag rá, "A loscanna beaga, a lucht na gcamchos, cá bhfuil sibh i bhfolach? Déanaigí deifir! Tá prionsa ag an doras."
D'oscail Prionsa Prácás an doras go mall fadálach.
Cad é a chonaic sé ach Banríon na Loscann ina suí ar chloch mhór agus a lán loscainn bheaga ag léim agus ag aoibheall thart fá dtaobh di.
"Cad é atá tú a iarraidh, a Phrionsa Prácás?" a d'fhiafraigh Banríon na Loscann de Phrionsa Prácás.
"Tá mé ag iarraidh brat álainn urláir," arsa Prionsa Prácás léi. Agus labhair Banríon na Loscann, "A loscanna beaga, a lucht na gcamchos, tagaigí chugam le fonn. Tugaigí libh an bosca a bhfuil an brat álainn ann."
Tháinig beirt loscann bheaga agus bosca dearg acu.
D'oscail Banríon na Loscann an bosca dearg agus cad é a bhí istigh ann ach an brat urláir ab áille ar domhan!

Thug sí do Phrionsa Prácás é.
"Tá mé fíorbhuíoch díot, a Bhanríon na Loscann," arsa Prionsa Prácás.
Nuair a d'fhill na trí Prionsa ar an chaisleán, arsa an sean-rí leo,
"Taispeánaigí dom bhur gcuid brat urláir."
Bhí brat breá ag an chéad fhear. Bhí brat ar dóigh ag an dara fear. Ach, an fear ab óige, ba aige a bhí an brat ab áille sa domhan.
"Prácás a fuair an brat ab fhearr," arsa an rí, "agus mar sin, caithfidh mé mo ríocht a bhronnadh air."
Ach labhair na prionsaí ba shine, "Tá Prácás bómánta!" a dúirt siad. "Níl sé ábalta!"
"Tá go maith," arsa an rí, "leanaigí na cleití arís. Ach an t-am seo," ar seisean, "beidh mo ríocht ag an fhear a thabharfaidh chugam an fáinne is áille."
Arís, chaith an rí na trí chleite san aer. Agus arís, d'imigh an chéad cheann soir, d'imigh an dara ceann siar, agus thit an tríú ceann ar an talamh, in aice leis an chomhla thógála.
D'oscail Prionsa Prácás an chomhla, rith sé síos na céimeanna agus bhuail sé ag an doras glas. Agus chuala sé glór Bhanríon na Loscann ag rá,

"A loscanna beaga, a lucht na gcamchos, cá bhfuil sibh i bhfolach? Déanaigí deifir! Tá prionsa ag an doras."
D'oscail sé an doras agus shiúil sé isteach air.
Bhí Banríon na Loscann ina suí ar chloch mhór agus a lán loscainn bheaga ag léim agus ag aoibheall thart fá dtaobh di.
"Cad é atá tú a iarraidh, a Phrionsa Prácás?" ar sise.
"Ag iarraidh fáinne álainn atá mé," arsa Prionsa Prácás.
Labhair Banríon na Loscann, "A loscanna beaga, a lucht na gcamchos, tagaigí chugam le fonn. Tugaigí libh an bosca a bhfuil an fáinne ann." Thug beirt loscann bheaga bosca gorm chuici.
D'oscail Banríon na Loscann an bosca gorm agus cad é a bhí istigh ann ach an fáinne ab áille sa domhan! Thug sí do Phrionsa Prácás é.
"Tá mé fíorbhuíoch díot, a Bhanríon na Loscann," arsa Prionsa Prácás.
Nuair a d'fhill na Prionsaí ar an chaisleán, arsa an sean-rí leo.
"Taispeánaigí dom bhur gcuid fáinní."
Bhí fáinne breá ag an chéad fhear. Bhí fáinne ar dóigh ag an dara fear. Ach an fear ab óige, ba aige a bhí an fáinne ab áille ar domhan.

"Prácás a fuair an fáinne ab áille ar domhan," arsa an rí. "Mar sin, caithfidh mé mo ríocht a thabhairt dó."
Ach, labhair an bheirt phrionsaí ba shine, "Tá Prácás bómánta!" a dúirt siad. "Níl sé ábalta!"
"Tá go maith," arsa an rí, "caithfidh sibh na cleití a leanúint arís."
"Agus an t-am seo," ar seisean, "beidh mo ríocht ag an fhear a thabharfaidh chun an bhaile leis an bhean is áille ar domhan."
Arís eile, chaith an rí na trí chleite san aer. Agus arís eile, shéid an chéad cheann soir, shéid an dara ceann siar agus thit an tríú ceann ar an urlár in aice leis an chomhla thógála.
Arís eile, d'oscail Prionsa Prácás an chomhla, rith sé síos na céimeanna, agus bhuail sé ag an doras glas. Agus arís eile, labhair Banríon na Loscann.
"A loscanna beaga, a lucht na gcamchos, cá bhfuil sibh i bhfolach? Déanaigí deifir! Tá prionsa ag an doras."
Arís eile, d'oscail an doras agus chuaigh Prionsa Prácás isteach air.
Bhí Banríon na Loscann ina suí ar chloch mhór agus a lán loscainn bheaga ag léim agus ag aoibheall thart fá dtaobh di. Agus d'fhiafraigh Banríon na Loscann, "Cad é atá tú a

iarraidh, a Phrionsa Prácás?" ar sise.
"Bean álainn atá mé a iarraidh," arsa Prionsa Prácás.
Arsa Banríon na Loscann, "A loscanna beaga, a lucht na gcamchos, tagaigí chugam le fonn. Tugaigí chugam an tornapa nach bhfuil rud ar bith ann." Agus thug dhá loscann bheaga tornapa leo a bhí tollta acu le cóiste a dhéanamh de.
Ansin, tháinig sé loscann bheaga le sé luchóg bhána, agus chuir Banríon na Loscann na luchóga sa chóiste tornapa.'
Arsa Banríon na Loscann le Prionsa Prácás, "Tóg an loscann is lú agus cuir isteach sa chóiste tornapa é.
Agus ansin, tharla rud iontach! An loscann ba lú, rinneadh de an bhean ab áille ar domhan. Rinneadh cóiste órga den tornapa. Agus de na sé luchóg bhána, rinneadh sé chapall bhána.
"Tá mé fíorbhuíoch arís díot, a Bhanríon na Loscann," arsa Prionsa Prácás. Agus thiomáin sé an bhean álainn ar ais go dtí an caisleán.
Ba bhreá amach an bhean a bhí leis an chéad fhear. Agus bhí bean ar dóigh leis an dara fear. Ach an fear ab óige, ba aige a bhí an bhean ab áille ar domhan.
"Prácás a fuair an brat ab áille," arsa an rí. "Ba é fosta a fuair an fáinne ab áille, agus anois is aige atá an bhean is

áille ar domhan."
"Prácás a gheobhas mo ríocht."
Pósadh Prionsa Prácás agus an bhean ab áille ar domhan, agus rinneadh rí agus banríon díobh. Níor thug aon duine bómán ar Phrácás riamh arís ina dhiaidh sin.

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning